Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2026
(OR. en)

15204/26

ENFOPOL 415
JAI 1367

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol a cheapadh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an …

maidir le Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol a cheapadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle[1] agus a ghabhann ionad na gCinntí sin, agus go háirithe Airteagal 54 de,

Ag gníomhú di mar an t-údarás a bhfuil an chumhacht aige Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus Leas-Stiúrthóirí Feidhmiúcháin Europol a cheapadh,

Ag féachaint don togra ó Bhord Bainistíochta Europol an 26 Meitheamh 2026,

[1] IO L 135, 24.5.2016, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig deireadh le téarma oifige Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol an 1 Bealtaine 2026. Is gá, dá bhrí sin, Stiúrthóir Feidhmiúcháin nua de chuid Europol a cheapadh.

(2) Bunaítear le cinneadh Bhord Bainistíochta Europol an 10 Nollaig 2025 na rialacha maidir le Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus Leas-Stiúrthóirí Feidhmiúcháin Europol a roghnú, a dtéarma oifige a fhadú agus iad a chur as oifig.

(3) Meastar an post do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol a bheith folamh ón 1 Lúnasa 2025, 9 mí roimh dheireadh théarma oifige Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol, de bhun Airteagal 3(1), pointe (a), den chinneadh ó Bhord Bainistíochta Europol an 10 Nollaig 2025. Foilsíodh fógra folúntais don phost mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 17 Feabhra 2026[2].

(4) I gcomhréir le hAirteagal 54(2) de Rialachán (AE) 2016/794, rinne coiste roghnúcháin, arna bhunú ag an mBord Bainistíochta (‘an Coiste Roghnúcháin’), gearrliosta iarrthóirí a tharraingt suas. D’ullmhaigh an Coiste Roghnúcháin tuarascáil chuí-réasúnaithe agus chuir sé faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta í an 15 Meitheamh 2026.

[2] IO C, C/2026/862, 17.2.2026.

(5) Ar bhonn na tuarascála ón gCoiste Roghnúcháin agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794 agus leis an gcinneadh ón mBord Bainistíochta an 10 Nollaig 2025, d'eisigh an Bord Bainistíochta tuairim réasúnaithe maidir le Stiúrthóir Feidhmiúcháin nua Europol a cheapadh an 26 Meitheamh 2026. Sa tuairim sin, mhol sé don Chomhairle gearrliosta de thriúr iarrthóirí atá oiriúnach don phost.

(6) An 23 Meán Fómhair 2026, roghnaigh an Chomhairle Jürgen EBNER mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin nua Europol. An 24 Meán Fómhair 2026, chuir an Chomhairle an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile de Pharlaimint na hEorpa ('Coiste LIBE'), arb é an coiste inniúil chun críocha Airteagal 54(2), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) 2016/794, ar an eolas faoin roghnú sin.

(7) An 4 Samhain 2026, tháinig Jürgen EBNER os comhair Choiste LIBE. An 19 Samhain 2026, thug Coiste LIBE a thuairim uaidh i gcomhréir le hAirteagal 54(2), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) 2016/794,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Jürgen EBNER mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol don tréimhse ón 16 Nollaig 2026 go dtí an 15 Nollaig 2030 ag grád AD 15.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán